Uime sin, tá an saol mór ar fad ag déanamh lúchaire faoi thuilte áthais na Cásca. Tá Fearta neimhe agus na Cumhachtaí Aingeal chomh maith ag canadh duan do do ghlóir, á rá gan stad: **Is Naofa, Naofa . .**

*Rúndiamhair an chreidimh.*
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

**Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe**
Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat , a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat, a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,
Stiúraigh muide chuig tAon Mhac Íosa.

**Iarchomaoineach** *(Seasann)*
Deonaigh, impímid ort, a Dhia uilechumhachtaigh, go mairfidh glacadh shacraimint na Cásca go buan inár n-intinn. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíochháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha Alleluia! Alleluia!

**Buíochas le Dia, Alleluia! Alleluia!**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**


**Páidirín gach Domhnach @ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

Tuarastal an tSagairt don Cháisc ag teacht isteach anois.

Clúdaigh sna boscaí, & ar na boird do dhaoine gan bosca.

Míle Buíochas.




**Más mian leat síntiús a thabhairt don bparóiste ar líne seo leanas uimhir cuntais.**
Cill Éinde (Paróiste)IBAN: IE81AIBK93740104660088 BIC: AIBKIE2D
Cill Éinde IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D
(Tuarastal an tSagairt)
**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**




# PARÓISTE AN SPIDÉIL
## *AN DARA DOMHNACH DEN CHÁISC*
## 27 AIBREÁN 2025

An tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Oscailte: Dé Máirt, Déardaoin & Dé hAoine 10.00am –2.00pm

| | | | ***AIFRINN & INTINNÍ NA SEACHTAINE*** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Domhnaigh | 27ú | 11.00r.n. | George Richardson **Cinn Míosa** *Baile Liam*<br>Jack & Margaret Mc Entyre iníon Sally agus mac George *Baile Liam* |
| ***Dé hAoine*** | 2ú | 10.00r.n. | Anamacha Naofa |
| Dé Domhnaigh | 4ú | 11.00r.n. | Fr. Mark Carr *Seanaghurráin/Boston*<br>Máire & Micheál Ó Cuanaigh & a iníon Fionnuala *Bearna*<br>Kathleen & John Joe Ó Droighneáin *Leitir Peic* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MAIL** |
| Dé Sathairn | 26ú | 6.30i.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé Satharn | 3ú | 6.30i.n. | Mary Connolly (Kelly, a mhac Roddy & Tiernan Archer *Ros a'Mhíl* |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 27ú | 9.30r.n. | John Coyne *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 4ú | 9.30r.n. | Thomas Dillane & a bhean Sarah (Sally) *Minna* |

**Loinneog don Iontróid** – 1 Pead 2:2
Amhail naíonáin nuabheirthe,santaígí fiorbhainne an anama ionas go bhfásfaidh sibh dá thairbhe chun slánaithe, alleluia.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**An Chomhurnaí**
A Dhia na trócaire síoraí, ar trí bhíthin chomóradh féiltiúil na Cásca féin a ghríosaíonn tú creideamh an phobail atá tíolachta duit, cuir breis leis an ngrásta atá tugtha agat dóibh ionas go dtuigfidh siad go léir le hintleacht chuí cén t-umar inar níodh iad, cén Spiorad lenar athghineadh iad, agus cén fhuil lenar fuasclaíodh iad. Trínár dTiarna Íosa Críost, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 5:12-16*
Is iomaí míorúilt agus iontas a rinneadh trí lámha na n-aspal i measc na ndaoine. Agus bhídís uile d'aon toil i bpóirse Sholaimh. Ach ní raibh sé de dhánacht i nduine ar bith den mhuintir eile dul ina gcuideachta; ach thug an pobal ardmholadh dóibh. Agus chuaigh líon na bhfear agus na mban a chreid sa Tiarna ní ba mhó i méid, sa chruth go dtugaidís na heasláin amach ar na sráideanna, agus go gcuiridís ar leapacha agus ar shráideoga iad, ionas, ar theacht do Pheadar, go dtagadh a scáil ar a laghad ar dhuine acu, agus go saortaí óna n-éagruais iad. Agus chruinníodh mórán go Iarúsailéim fosta as cathracha na comharsanachta, agus iad ag iompar daoine breoite, agus daoine a bhíodh á gcrá ag spioraid neamhghlana; agus leigheastaí iad uile.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**
**Salm le Freagra** – Sm 117

*Fr: Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é:*
*óir maireann a ghrá de shíor.*

1. Bíodh teaghlach Israél á rá:
‘Maireann a ghrá de shíor.’
Bíodh teaghlach Árón á rá:
‘Maireann a ghrá de shíor.’
Abradh an dream lerb eagal an Tiarna:
‘Maireann a ghrá de shíor.’ *(Fr)*

2. An chloch dár dhiúltaigh na saoir,
rinne ceann an chúinne di.
Is é an Tiarna a rinne é seo,
agus is éachtach linne é.
Is é seo an lá a rinne an Tiarna:
bíodh áthas is gliondar orainn. *(Fr)*

3. Fóir orainn, achainímid, a Thiarna;
a Thiarna, go n-éirí linn.
Is beannaithe in ainm an Tiarna
an té atá ag teacht.
Beannaímid sibh as teach an Tiarna.
Is é an Tiarna ár solas. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as leabhar an Apacailipsis – 1:9-13, 17-19*
Mise Eoin bhur mbráthair atá páirteach libh in Íosa sa duainéis, sa ríocht agus san fhoighne. Bhí mé in oileán Phatmos ar son briathar Dé a fhógairt agus fianaise a thabhairt d'Íosa. Ba é an Domhnach é agus bhí mé faoi luí an spioraid, agus chuala mé ar mo chúla glór tréan, mar ghlór trumpa, á rá: ‘Scríobh i leabhar a bhfeiceann tú.’ D'iompaigh mé thimpeall féachaint cén glór a labhair liom, agus, ar n-iompú dom, chonaic mé seacht gcoinnleoir óir, agus i measc na gcoinnleoirí neach mar mhac an duine, é gléasta in éide fhada agus crios órga faoina bhrollach.
Nuair a chonaic mé é, chaith mé mé féin ag a chosa i mo staic. Ach leag seisean a lámh orm á rá: “Ná bíodh eagla ort. Mise an té atá ar tosach agus ar deireadh; an neach beo; ba mharbh dom, ach anois is beo dom ar feadh na síoraíochta, agus tá eochracha an bháis agus Hádés agam. Scríobh, más ea a bhfuil feicthe agat, agus a bhfuil ann, agus a bhfuil le teacht ina ndiadh seo.’
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
‘De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú,’
a deir an Tiarna.
‘Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.’
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Eoin 20:19-31*
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin*
**Glóir duit, a Thiarna.**
Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: ‘Síocháin daoibh!’ Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Dúirt Íosa leo ansin arís:
‘Síocháin daoibh!
Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise,
táimse do bhur gcursa uaim freisin.’
Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo:
‘Glacaigí an Spiorad Naomh.
Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh,
beidh siad maite dóibh;
na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí,
beidh a bpeacaí coinnithe.’
Tomás, duine den dáréag, ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis: ‘Chonaiceamar an Tiarna.’ Ach dúirt seisean leo: ‘Mura bhfeice mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mo mhéar a chur i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfidh mé.’ Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa agus na doirse faoi ghlas, sheas sé ina measc agus dúirt: ‘Síocháin daoibh!’ Ansin dúirt sé le Tomás: ‘Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán é, agus ná bí díchreidmheach ach creidmheach.’ D'fhreagair Tomás: ‘Mo Thiarna agus mo Dhia!’ Dúirt Íosa leis: ‘De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.’
Bhí go leor fearta eile fós a rinne Íosa os comhair a dheisceabal, agus níl aon chur síos orthu sa leabhar seo. Ach cuireadh an méid sin i scríbhinn chun go gcreidfeadh sibh gurb é Íosa an Críost, Mac Dé, agus á chreidiúint go mbeadh beatha agaibh ina ainm. *Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin, an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé, an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann, Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá de chomhshubstaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh, agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha** *(Seasann)*
Glac le hofrálacha do phobail, impímid ort, a Thiarna, ionas, agus iad athnuaite ag adhmháil d'ainm agus ag an mbaisteadh, go sroichfidh siad an t-aoibhneas síoraí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

PAIDIR EOCAIRISTEACH

**Preafáid IV: Rúndiamhair na Cásca**
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Tógaigí bhur gcroíthe in airde.*
**Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna ’gainn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.’gainn.**
*Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.*
**Is ceart agus is cóir sin.**

Is ceart agus is cóir dúinn, go deimhin, is cuí agus is tairbheach, tú a mholadh de shíor, a Thiarna, ach tú a mholadh le breis mórtais go mór mór an lá seo inar íobraíodh Críost ár gCáisc.

Óir eisean an Fíor-Uan a thóg peacaí an domhain, agus a chuir ar ceal ár mbás lena bhás, agus a leasaigh dúinn ár mbeatha lena aiséirí.